



**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0292 (CNS)**

**FISC 327
ECOFIN 1259**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 515 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach i leith na calaoise agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear i gcoinne calaois CBL

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 515 final.

Faoi iamh: COM(2026) 515 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.10.2026
COM(2026) 515 final

2026/0292 (CNS)

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach i leith na calaoise agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear i gcoinne calaois CBL

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (dá ngairtear ‘an Treoir maidir le CBL’ anseo feasta) fad a chur leis an méid seo a leanas: 1) féidearthacht na mBallstát an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm chun an chalaois atá ann cheana i soláthairtí earraí agus seirbhísí a chuimsítear in Airteagal 199a(1) den Treoir maidir le CBL a chomhrac agus 2) an fhéidearthacht an Sásra Frithghnímh Mhear (SFM) a úsáid, mar a leagtar amach in Airteagal 199b den Treoir maidir le CBL, chun an chalaois a chomhrac tríd an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm i gcásanna an-sonrach.

Mar riail ghinearálta, sonraítear in Airteagal 193 den Treoir maidir le CBL go bhfuil an duine inchánach a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí faoi dhliteanas CBL a íoc. De mhaolú air sin, leis an sásra aistrithe táillí, is féidir faighteoir an tsoláthair a ainmniú mar an duine inchánach maidir leis an CBL dlite. Faoin sásra aistrithe táillí sin, ní mhuirearaíonn an soláthróir cáin bhreisluacha ach cuireann an custaiméir (duine inchánach) san áireamh í ina thuairisceán CBL. Féadfar an CBL sin a asbhaint ansin sa tuairisceán CBL céanna sin agus, dá bhrí sin, a mhéid atá ceart asbhainte iomlán ag an duine sin, is toradh nialasach a bhíonn ann i gcás an chustaiméara.

Úsáidtear an sásra aistrithe táillí chun an chalaois a chomhrac agus go háirithe calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh. Tarlaíonn an cineál calaoise sin i gcás ina bhfaigheann trádálaí earraí, a iompraítear nó a sheoltar ó Bhallstát eile, trí bhíthin soláthar atá díolmhaithe ó CBL, agus ina ndíolann sé iad agus CBL san áireamh ar an sonrasc chuig an gcustaiméir. Tar éis dó an méid CBL a fháil ón gcustaiméir, imíonn trádálaí den sórt sin gan an CBL dlite a íoc leis na húdaráis chánach. An tráth céanna, is féidir leis an gcustaiméir a ghníomhaíonn de mheon macánta an CBL a d’íoc sé leis an soláthróir a asbhaint trína thuairisceán CBL.

Leis an sásra aistrithe táillí, atá bunaithe ar Airteagal 199a den Treoir maidir le CBL, ceadáítear do na Ballstáit an chalaois ag trádálaí ar iarraidh a chomhrac sna limistéir íogaire réamhshainithe ina dtarlaíonn sí de ghnáth ar a gcríoch. Tá cur i bhfeidhm Airteagal 199a roghnach i gcás na mBallstát. Nuair atá oibleagáid ar sholáthróirí an sásra aistrithe táillí a úsáid i gcás soláthairtí intíre den sórt sin, ní féidir leo CBL a mhuirearú ar a sonrasc. Ní bhfaighidh siad an méid CBL óna gcustaiméir dá éis sin agus, dá thoradh sin, ní féidir le trádálaithe den sórt sin imeacht leis an méid CBL a fuarthas. Maidir le SFM Airteagal 199b den Treoir maidir le CBL, is beart eisceachtúil é lena gceadaítear do na Ballstáit, i gcásanna mórphráinne, sásra aistrithe táillí sealadach a thabhairt isteach go tapa le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí in earnálacha inar tharla calaois thobann ollmhór agus nach liostaítear in Airteagal 199a den Treoir maidir le CBL. Tá an nós imeachta sin eisceachtúil agus an-tapa toisc go mbíonn ar an gCoimisiún freagairt laistigh de 1 mhí amháin, bíodh sin le tuairim dhiúltach nó le deimhniú i scríbhinn chuig an mBallstát lena mbaineann á dheimhniú nach bhfuil sé in aghaidh an bhirt. Féadfaidh an Ballstát an beart speisialta SFM a ghlacadh ón dáta a fhaightear an deimhniú sin. Tríd an sásra sin a úsáid, is féidir leis na Ballstáit an bhearna a líonadh le haghaidh na tréimhse a cheanglaítear chun ‘gnáthmhaolú’ a fháil faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, tréimhse a fhéadann a bheith chomh fada le 6 mhí. Chun maolú den sórt sin a fháil, bíonn gá le togra ón gCoimisiún ar togra é nach mór don Chomhairle a ghlacadh d’aon toil.

Tugadh isteach Airteagal 199a den Treoir maidir le CBL¹ le haghaidh na tréimhse ó 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2015 agus cuireadh síneadh leis den chéad uair², le leasuithe, go dtí an 31 Nollaig 2018. Tugadh Airteagal 199b den Treoir maidir le CBL isteach³ le haghaidh na tréimhse ó 2013 go dtí an 31 Nollaig 2018. Cuireadh síneadh le hAirteagail 199a agus 199b araon den Treoir maidir le CBL ina dhiaidh sin⁴ go dtí an 30 Meitheamh 2022 chun bheith i gcomhthráth leis an dáta a bhí beartaithe ar dtús ar a dtiocfadh an ‘córas cinntitheach CBL’, mar a ghairtear de, i bhfeidhm, ar córas é a bheadh níos simplí agus a bheadh slán ar chalaouis le haghaidh trádáil earraí laistigh den Aontas⁵. Ós rud é go raibh an chaibidlíocht maidir leis an gcóras cinntitheach sin fós ar siúl faoin dáta tosaigh sin agus i bhfianaise tuarascáil roimhe sin ón gCoimisiún maidir le héifeachtaí na n-airteagal sin⁶, cuireadh síneadh eile leis na bearta go dtí an 31 Nollaig 2026⁷. Mar sin féin, níor tháinig comhaontú as an gcaibidlíocht sin, agus ar deireadh tharraing an Coimisiún siar na tograí uaidh faoi chuimsiú Chlár Oibre 2025⁸.

Idir an dá linn, agus i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Cánach⁹, d’fhorbair an Coimisiún pacáiste nuachóirithe CBL, agus na deiseanna a chuireann teicneolaíochtaí digiteacha ar fáil faoin gceannteideal ‘CBL sa ré dhigiteach’ (ViDA) á gcur san áireamh. Tá trí chuid éagsúla sa phacáiste sin, a ghlac an Chomhairle an 11 Márta 2025¹⁰, cuid amháin acu sin is ea na Ceanglais maidir le Tuirisciú Digiteach, mar a ghairtear díobh. Faoi na Ceanglais sin maidir le Tuirisciú Digiteach, ceanglófar le hidirbhearta trasteorann an Aontais i ndáil le hearraí agus seirbhísí araon, faoi mhí Iúil 2030, go ndéanfaidh daoine inchánach tuairisciú

¹ Treoir 2010/23/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm roghnach agus sealadach an tsásra aistrithe táillí i ndáil le soláthairtí seirbhísí áirithe atá soghabhálach i leith na calaoise (IO L 72, 20.3.2010, lgh. 1–2).

² Treoir 2013/43/AE ón gComhairle an 22 Iúil 2013 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm roghnach agus sealadach an tsásra aistrithe táillí i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach i leith na calaoise (IO L 201, 26.7.2013, lgh. 4–6).

³ Treoir 2013/42/AE ón gComhairle an 22 Iúil 2013 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a mhéid a bhaineann le Sásra Frithghnímh Mhear i gcoinne calaois CBL (IO L 201, 26.7.2013, lgh. 1).

⁴ Treoir (AE) 2018/1695 ón gComhairle an 6 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach i leith na calaoise agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear i gcoinne calaois CBL (IO L 282, 12.11.2018, lgh. 5–7).

⁵ Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe sa chóras cánach breisluacha a chomhchuíbhíú agus a shimpliú agus lena dtugtar isteach an córas cinntitheach le haghaidh chánachas na trádála idir na Ballstáit, COM(2017) 569 final.

Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach na mbeart teicniúil mionsonraithe maidir le hoibriú an chórais chinntithigh CBL le haghaidh chánachas na trádála idir na Ballstáit, COM(2018) 329 final.

⁶ Tuarascáil an 8 Márta 2018 ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le héifeachtaí Airteagail 199a agus 199b de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcalaois a chomhrac COM(2018) 118 final.

⁷ Treoir (AE) 2022/890 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach do chalaouis agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear in aghaidh na calaoise CBL (IO L 155, 8.6.2022, lgh. 1–2).

⁸ Teachtaireacht an 11 Feabhra 2025 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Clár oibre an Choimisiúin 2025, COM(2025) 45 final.

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - Plean gníomhaíochta um chánachas cothrom simplí lena dtacaítear leis an straitéis téarnaimh, COM(2020) 312 final.

¹⁰ Féach: [Glacadh an phacáiste CBL sa Ré Dhigiteach - Cánachas agus an tAontas Custaim](#)

digiteach gar d'fhíor-am in éineacht le húsáid éigeantach ríomhshonrasc struchtúrtha i bhformáid chaighdeánach de chuid an Aontais. Déanfar é sin a chomhcheangal le hoibleagáidí intíre na mBallstát atá ann cheana, nó atá le forbairt, maidir le tuairisciú fíor-ama digiteach ar idirbhearta (arb oibleagáidí iad nach mór a ailíniú le caighdeáin an Aontais faoin 1 Eanáir 2035). Beidh rochtain ag údaráis chánach ina dhiaidh sin ar fhaisnéis atá bunaithe ar idirbhearta, lena n-áirítear sonraí bainc, ó mhí Iúil 2030 tríd an VIES lárnach, mar a ghairtear de, ar mol nua láraithe é le haghaidh tuairisciú trasteorann ar líne agus sainaitheint cáiníocóirí. Cuirfidh sé sin ar a gcumas do na Ballstáit dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise agus i gcoinne na calaoise laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaithe atá ar iarraidh go háirithe. An tráth céanna, leis an bpacáiste ceadaítear cheana féin do na Ballstáit oibleagáidí intíre maidir le ríomhshonrascadh a thabhairt isteach ó 2025, arb oibleagáidí iad a bhféadfadh oibleagáid tuairiscithe a bheith ag gabháil leo, agus ar an gcaoi sin cumhdaítear an leibhéal céanna faisnéise atá ar fáil do sholáthairtí intíre.

Go dtí go mbeidh córas den sórt sin i bhfeidhm ón 1 Iúil 2030, tá sé réasúnta agus stuama fad a chur le hAirteagail 199a agus 199b den Treoir maidir le CBL chun na bearta sin a choimeád i bhfeidhm, cé go maolaítear leo ar phrionsabail ghinearálta CBL.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Mar a míníodh, i dtaca leis an uainiú a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le hAirteagail 199a agus 199b den Treoir maidir le CBL, tá sé comhsheasmhach le teacht i bhfeidhm na gCeanglas maidir le Tuairisciú Digiteach mar chuid den phacáiste CBL sa Ré Dhigiteach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Le hAirteagal 199a den Treoir maidir le CBL, cumhdaítear faoin sásra aistrithe táillí, i measc nithe eile, lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA)). De bharr na méideanna atá i gceist, tá sé fíor-riachtanach an Córas Trádála Astaíochtaí a chosaint a thuilleadh ar chalaouis CBL agus, go háirithe, i bhfianaise an leathnaithe chuig an dara Córas Trádála Astaíochtaí, is é sin CTA2, mar a ghairtear de.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leis an Treoir, leasaítear an Treoir maidir le CBL ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ós rud é go gcuirtear fad le cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Treoir leis an togra, is gá an Treoir maidir le CBL a leasú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir phrionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní fhéadfar gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach amháin más rud é nach féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach leo féin agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais.

Maidir leis an gcuspóir an chalaouis a chomhrac tríd an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm agus an fhéidearthacht SFM a úsáid chun calaois thobann ollmhór a chomhrac, is fearr a

ghnóthófar é ar leibhéal an Aontais agus is sa Treoir maidir le CBL atá a bhunús dlí sonrach. Dá bhrí sin, is gá an Treoir maidir le CBL a leasú chun fad a chur leis na bearta sin.

- **Comhréireacht**

De bharr chineál roghnach agus sealadach na mbeart fadaithe, tá an togra comhréireach leis an aidhm a shaothraítear, is é sin an chalaois a chomhrac i soláthairtí áirithe earraí agus seirbhísí agus cuidiú leis na Ballstáit dul i ngleic leis an gcalaois thobann ollmhór CBL.

- **An rogha ionstraime**

Beartaítear Treoir d'fhonn an Treoir maidir le CBL a leasú.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuir an Coimisiún tuarascáil i láthair, tráth an dara fadú, maidir le feidhmiú agus éifeachtaí an tsásra aistrithe táillí i ndáil le hAirteagail 199a agus 199b den Treoir maidir le CBL¹¹ agus tháinig sé ar an gconclúid an tráth sin go raibh na bearta sna hAirteagail sin úsáideach sa chomhrac in aghaidh na calaoise.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcás an tsínidh sin, seoladh ceistneoir, ar thug na Ballstáit uile freagra air, an 6 Márta 2026 chun measúnú a dhéanamh ar úsáid reatha an tsásra aistrithe táillí agus chun a fhiafraí, ar bhonn taithí ar an leibhéal náisiúnta, an mbeadh sé úsáideach síneadh a chur leis an sásra aistrithe táillí agus le SFM ar feadh tréimhse theoranta eile.

Ar bhonn na bhfreagraí, is cosúil go gcuireann na Ballstáit uile (seachas Málta) an sásra aistrithe táillí i bhfeidhm i ndáil le catagóir amháin ar a laghad d'Airteagal 199a den Treoir maidir le CBL. Cuireann 22 Bhallstát an sásra aistrithe táillí i bhfeidhm maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, dá bhrí sin, is é an chatagóir is mó a úsáidtear. Ansin, in ord íslitheach, cuirtear úsáid an tsásra aistrithe táillí i bhfeidhm maidir le catagóir na bhfón póca (15 Bhallstát), aonaid eile chun an Treoir maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí a chomhlíonadh (14 Bhallstát), consóil cluichí, ríomhairí táibléid agus ríomhairí glúine (14 Bhallstát), gairis ciorcaid iomlánaithe (12 Bhallstát), gás agus leictreachas a sholáthraítear do dhéileálaí inchánach (12 Bhallstát), miotail amha agus leathchríochnaithe (12 Bhallstát), deimhnithe gáis agus leictreachais (10 mBallstát), gránaigh agus barra tionsclaíocha (6 Bhallstát), seirbhísí teileachumarsáide (5 Bhallstát).

Dhearbhaigh 24 Bhallstát go raibh an sásra aistrithe táillí, mar a chuirtear i bhfeidhm ina dtír féin é, úsáideach chun an chalaois a chomhrac.

Cé nach n-úsáidtear riamh sa chleachtas é, mheas 18 mBallstát go mbeadh sé úsáideach fós an SFM a choimeád, san fhoirm chéanna nó i bhfoirm a leasófaí de bheagán.

¹¹ Tuarascáil an 8 Márta 2018 ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le héifeachtaí Airteagail 199a agus 199b de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcalaois a chomhrac COM(2018) 118 final.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ar leithligh ó obair an Choimisiúin sa réimse sin, d'fhoilsigh Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa staidéar cuimsitheach an 22 Meitheamh 2026 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme, tionchar, éifeachtacht agus ábharthacht an tsásra aistrithe táillí CBL san Aontas amach anseo¹². Moltar sa staidéar seachtrach sin leanúnachas Airteagail 199a agus 199b tar éis 2026, go háirithe le linn an aistrithe i dtreo chreat ViDA agus rialuithe digiteacha CBL níos leithne. An tráth céanna, cuirtear i dtábhacht sa staidéar gur cheart úsáid leanúnach an tsásra aistrithe táillí a bheith faoi réir athbhreithniú tráthrialta, gur cheart riosca calaoise agus comhréireacht a bheith léirithe ann agus gur cheart na bearta sin a bheith mar chuid de chreat frithchalaoise CBL an Aontais, ar creat é atá ag éirí níos leithne agus níos digití.

Dá bhrí sin, tá an togra seo chun síneadh a chur le hAirteagail 199a agus 199b den Treoir maidir le CBL i gcomhréir den chuid is mó le torthaí agus moltaí staidéar Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ós rud é go gcuirtear síneadh le feidhm beart frithchalaoise i réimse CBL leis an togra seo, ní bheidh aon impleacht dhiúltach aige ar bhuiséad an Aontais.

¹² Féach: [*The implementation and impact of the VAT reverse charge mechanism in the EU*](#) [Cur chun feidhme agus tionchar an tsásra aistrithe táillí CBL san Aontas Eorpach]

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach i leith na calaoise agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear i gcoinne calaois CBL

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle³, foráiltear go bhféadfaidh na Ballstáit, ar bhonn roghnach, an sásra aistrithe táillí a úsáid chun cáin bhreisluacha (CBL) a íoc ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí réamhshainithe atá soghabhálach i leith na calaoise, go háirithe calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh. Leis an sásra aistrithe táillí ceadaítear do na Ballstáit faighteoir na soláthairtí earraí nó seirbhísí a ainmniú mar an duine atá faoi dhliteanas CBL a íoc. Leis an Treoir sin déantar foráil chomh maith maidir leis an Sásra Frithghnímh Mhear (SFM), lena soláthraítear do na Ballstáit, faoi choinníollacha dochta áirithe, nós imeachta níos tapa lenar féidir an sásra aistrithe táillí i gcatagóirí eile a thabhairt isteach, rud a fhágann gur fearr agus gurb éifeachtaí an fhreagairt ar chalaois thobann ollmhór. Rachaidh tréimhse chur chun feidhme an dá shásra in éag an 31 Nollaig 2026.
- (2) An 11 Márta 2025, ghlac an Chomhairle Treoir (AE) 2025/516⁴, ina leagtar amach, *inter alia*, ceanglais maidir le tuairisciú digiteach le haghaidh soláthairtí trasteorann earraí agus seirbhísí laistigh den Aontas a dhéantar idir daoine inchánach. Tá na Ballstáit leis na bearta náisiúnta lena dtrasuitear na ceanglais sin a chur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2030. Is éard atá i gceist leis na ceanglais córas leictreonach éigeantach a úsáid, lena n-áirítear ríomhshonrascadh le haghaidh idirbhearta trasteorann gnólacht le

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj>).

⁴ Treoir (AE) 2025/516 an 11 Márta 2025 ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach (IO L, 2025/516, 25.03.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/516/oj>).

gnólacht, tuairisciú i bhfíor-am nach mór agus tarchur uathoibrithe sonraí agus ceadáítear leo, mar shampla, crostagairt a dhéanamh do shonraí tuairiscithe ar leibhéal na hidirbheartaíochta. Ba cheart dóibh rannchuidiú go mór leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh.

- (3) An 6 Feabhra 2026, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig na Ballstáit maidir leis an úsáid iarbhír a bhaineann siad as an sásra aistrithe táillí agus maidir lena dtuairimí ar fheidhmiú agus ar úsáideacht an tsásra aistrithe táillí agus SFM mar uirlis frithchalaoise. Dealraíonn sé ó na freagraí go gcuireann beagnach gach Ballstát an sásra aistrithe táillí i bhfeidhm maidir le cineál amháin earra nó seirbhíse ar a laghad, agus gurb é an córas trádála lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa an chatagóir is mó a úsáidtear. Thairis sin, dhearbhaigh formhór na mBallstát i dtaca leis an sásra aistrithe táillí, mar a chuirtear i bhfeidhm ina gcíoch é, gur sásra úsáideach é chun calaois a chomhrac agus mheas siad go raibh sé úsáideach síneadh a chur lena dháta cur i bhfeidhm. Mheas siad freisin i dtaca le SFM, cé nár úsáideadh go fóill sa chleachtas é, go bhfuil sé úsáideach mar dhíspreagadh toisc go gcuireann sé ar a chumas don Choimisiún freagairt go han-tapa i gcás calaois thobann ollmhór CBL.
- (4) Bhí an sásra aistrithe táillí agus SFM úsáideach mar bhearta sealadacha agus spriocdhírthe agus dá rachadh siad in éag d'fhágfaí na Ballstáit gan uirlisí éifeachtúla chun an chalaois a chomhrac. Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí agus SFM ar feadh tréimhse theoranta eile, chun go mbeidh na Ballstáit in ann na ceanglais maidir le tuairisciú digiteach trasteorann dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2025/516 ón gComhairle a chur i bhfeidhm agus rialacha intíre maidir le ríomhshonrascadh a thabhairt isteach nó a oiriúnú.
- (5) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, is é sin uirlisí éifeachtúla a choinneáil ar bun chun an chalaois a chomhrac, agus, de bharr éifeachtaí an bhirt, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (6) Ní bheidh aon drochthionchar ag an síneadh ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2006/112/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2006/112/CE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 199a(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:
‘Go dtí an 30 Meitheamh 2030, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gurb é an duine inchánach dá soláthraítear aon cheann de na soláthairtí seo a leanas, gurb é sin an duine inchánach maidir le CBL.’;
- (2) in Airteagal 199b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:
‘6. An beart speisialta SFM dá bhforáiltear i mír 1, beidh feidhm aige go dtí an 30 Meitheamh 2030.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*